**Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht Potsdam (an Ghearmáin) a taisceadh an 7 Márta 2023 – Gesellschaft für musikalische Aufführungs- und mechanische Vervielfältigungsrechte (GEMA) v GL**

**(Cás C-135/23, GEMA)**

(2023/C 252/15)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Amtsgericht Potsdam

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Gesellschaft für musikalische Aufführungs- und mechanische Vervielfältigungsrechte e.V. (GEMA)

*Cosantóir:* GL

**An cheist a tharchuirtear**

An bhfuil ann do chumarsáid leis an bpobal de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2001/29/CE ([1]) i gcás ina gcuireann oibreoir foirgnimh árasán teilifíseáin ar fáil san fhoirgneamh árasán sin, ar teilifíseáin iad a ghabhann iad féin craoltaí trí aeróg laistigh gan glacadóir lárnach le haghaidh athsheoladh an chomhartha?

([1]) Treoir 2001/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise (IO 2001 L 167, lch. 10).

**Iarraidh ar réamhrialú ó Naczelny Sąd Administracyjny (an Pholainn) a taisceadh an 22 Márta 2023 – Dyrektor Krajowej Informacji Skarbowej v J.S.**

**(Cás C-182/23, Makowit ([1]))**

(2023/C 252/16)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Naczelny Sąd Administracyjny

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Dyrektor Krajowej Informacji Skarbowej

*Cosantóir:* J.S.

**An cheist a tharchuirtear**

An gceadaíonn forálacha Airteagal 9(1) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([2]), i gcomhar le hAirteagal 14(2)(a) di, feirmeoir atá faoi dhliteanas CBL a íoc faoi rialacha ginearálta agus a aistríonn úinéireacht píosa talún chuig an Státchiste faoi nós imeachta díshealbhaithe mar mhalairt ar chúiteamh a bhaineann le hathrú ar an úsáid atá beartaithe di chun críoch neamhthalmhaíochta go mbreathnófar air mar cháiníocóir atá faoi oibleagáid CBL a íoc ar an gcúiteamh sin amháin toisc gur úsáideadh an ceapach níos luaithe do ghníomhaíochtaí talmhaíochta faoi réir CBL?

([1]) Tá ainm bréige tugtha don chás seo nach gcomhfhreagraíonn d'ainm iarbhír aon cheann de na páirtithe sna himeachtaí.
([2]) IO 2006 L 347, lch. 1.